**Caingean arna tabhairt an 22 Lúnasa 2022 – Sberbank of Russia v BRA**

**(Cás T-527/22)**

(2022/C 441/29)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sberbank of Russia OAO (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: D. Rovetta, M. Campa, M. Pirovano, M. Moretto agus V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Bord Réitigh Aonair (BRA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh (SRB/EES/2022/19) maidir le measúnú na gcoinníollacha don réiteach i ndáil le Sberbank Europe AG arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 1 Márta 2022, mar aon le Tuarascáil Luachála 1, arna eisiúint ag an mBord Réitigh Aonair an 27 Feabhra 2022 a chur ar neamhní;

— a ordú don Bhord Réitigh Aonair costais na n-imeachtaí a iompar.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar cheanglais riachtanacha nós imeachta.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, ar Airteagal 296 CFAE agus ar Airteagal 41(2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha, agus sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe sa mheastóireacht fhoriomlán ar na coinníollacha a bhaineann leis an scéim réitigh agus sárú ar Airteagail 6, 14 agus 18 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, [1] chomh maith le sárú ar an gceart bunúsach chun maoine agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

---

**Caingean arna tabhairt an 23 Meán Fómhair 2022 – Polaroid IP v EUIPO – Klimeck (Léiriú ar chearnóg i ndronuilleog)**

**(Cás T-591/22)**

(2022/C 441/30)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Polaroid IP BV (Amstardam, an Ísiltír) (ionadaí: G. Vos, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Thomas Klimeck (Kevelaer, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc atá faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta